

**Coláiste na hOllscoile Corcaigh
Ollscoil na hÉireann, Corcaigh**

Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

Don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2012

CLÁR

	Leathanach
TUAIRISC ÓN GCISTEOIR OINIGH	2 - 4
RÁITEAS I NDÁIL LE FREAGRACHTAÍ AN CHOISTE RIALAITHE	5
TUAIRISC ÓN INIÚCHÓIR NEAMHSPLÉÁCH	6 - 7
RÁITEAS AR RIALACHAS AGUS RIALÚ INMHEÁNACH	8 - 11
RÁITEAS I LEITH BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA	12 - 14
CUNTAS COMHDHLÚITE IONCAIM AGUS CAITEACHAIS	15
CLÁR COMHARDAITHE COMHDHLÚITE AGUS OLLSCOILE	16
RÁITEAS COMHDHLÚITE BARRACHAIS AGUS EASNAIMH COSTAIS STAIRIÚLA	17
RÁITEAS IOMLÁN NA NGNÓTHACHAN AGUS NA GCAILLTEANAS AITHEANTA	17
RÁITEAS COMHDHLÚITE FAOI SHREABHADH AIRGID	18
NÓTAÍ NA GCUNTAS	19 - 34
RÁITEAS MAOINITHE AN ÚAO AGUS RÉITEACH	35

TUAIRISC ÓN GCISTEOIR OINIGH

AR RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE – DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2011

Formáid na gCuntas

Le blianta anuas, ullmhaíodh ráitis airgeadais de chuid na hOllscoile ar bhunús oiriúnaithe a aontaíodh idir na hollscoileanna agus an tÚdarás um Ard-Oideachas (ÚAO). Le blianta anuas, ullmhaíodh ráitis airgeadais de chuid na hOllscoile ar bhunús oiriúnaithe a aontaíodh idir na hollscoileanna agus an tÚdarás um Ard-Oideachas (ÚAO). Anuas air sin, cloifear leis an mbunús atá in úsáid go dtí seo chun Ráiteas Maoinithe an ÚAO a ullmhú, .i. tuairisc airgeadais a léiríonn riachtanais mhaoinithe na n-ollscoileanna chomh maith le réiteach idir an dá fhormaid. Is iad seo na ráitis atá iarcheangailte.

Tá difríochtaí suntasacha idir an dá fhormaid ráitis airgeadais. Faoin socrú um Ráiteas Maoinithe, aontaíodh go gcaithfi le cuid d'ioncam na dtáillí (a bhaineann le hioncam táillí ó stádas neamh-AE agus tobhaigh a íocann na mic léinn uile) mar ioncam caipitil le húsáid chun críocha forbartha amháin agus nach n-áireofaí seo le hioncam athfhillteach na hOllscoile. Déileálar le hioncam neamh-athfhillteach, mar shampla ioncam a thagann ón diúscairt síochmhainní seasta, mar ioncam faoi GAAP. Tá difríochtaí nach beag san ionramháil a bhaineann le luachlaghdú agus le hamúchadh na bhfáltas caipitil. Tarlaíonn roinnt mionéagsúlachtaí eile san ionramháil chomh maith.

Is é an glantoradh a bheidh ann ná na difríochtaí sa chuntas ioncaim agus caiteachais agus sa chlár comhardaithe ioncaim agus caiteachais. Bíodh is go bhfuil an ráiteas seo leanas bunaithe ar GAAP, d'fhéadfaí a áiteamh go dtugann Ráitis Mhaoinithe an ÚAO léargas níos fearr ar fheidhmíocht oibríochtúil, nuair a chuirtear luachlaghdú agus amúchadh na gcuntas GAAP san áireamh.

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

Is é glan-táirgeacht na bliana ar an gcuntas ioncam agus caiteachais ná barrachas de €0.9m. Thaispeáin tuilleamh roimh dímhéas, ús, cáin agus amúchadh (EBITDA) farasbarr de €11.1m.

Seasann ioncam ó oibríochtaí (arna choigeartú d'ioncam phinsean-iarchurtha - nóta 29) ag €300.4m. Laghdú é sin de €2.7m/0.9% ar an mbliain roimhe agus an chúis is mó leis seo ná go bhfuil níos lú airgid ag teacht ón státchiste d'fhonn tacú le gníomhaíochtaí teagaisc, foghlama agus taighde uile. Chuathas i ngleic leis an laghdú seo go pointe áirithe trí ioncam na dtáillí acadúla a bhí ábhairín ní b'airde ná leibhéal na bliana seo caite, ag €116.3m chomh maith le méadú taighde is ioncam forchostais taighde gaolmhara.

Sheas caiteachas (arna choigeartú do FRS17) ag €299.5m. Méadú de €0.4m/0.1% agus meabhraíonn sé seo na costais a bhaineann le h-ardú i ngíomhíocht taighde agus níos mó ioncaim taighde comhfhreagrach.

Mhéadaigh ioncam taighde go dtí €79.9m ó €76.7m in 2010/11, agus an titim i dtacaíocht-taighde atá bainteach leis an státchiste á chealú ag an ardú i gcistiú taighde iomaíoch ón AE.

Caiteachas Caipitil agus Clár Comhardaithe

Mhoilligh an feabhsú a bhí á dhéanamh ar eastát fisiciúil na hOllscoile arís in 2011 agus laghdú tagtha ar mhaoiniú ón státchiste chun críocha caipitil. Bhí luachlaghdú de €26.2m ann sa bhliain mar fhritháireamh ar bhreiseanna de €23.7m, rud a fhágann nach bhfuil athrú rómhór ar ghlanluach leabhar na sócmhainní ag €577m. Fuarthas €10.9m (25% níos lú) as deontais chaipitil i rith na bliana. Thug an ÚAO €7.6m agus tháinig an chuid eile ó ghníomhaireachtaí maoinithe agus ó bhronntóirí.

B'iad na príomh-shócmhainní seasta i rith na bliana ná an síneadh don Mardyke Arena agus ceannach 50 acraí san Churraichín le haghaidh áiseanna spóirt.

Leanann an Ollscoil de leas a bhaint as gníomhaíochtaí tiomsaithe airgid Fhondúireacht Ollscoile Chorcaí Teoranta. Arís, is mian liom a chur in iúl go bhfuil an Ollscoil buíoch as an tacaíocht seo atá de dhíth uirthi chun leanúint leis an bhforbairt riachtanach ar a bonneagar.

TUAIRISC ÓN GCISTEOR OINIGH

Deontas Stáit

Sa bhliain atá faoi athbhreithniú, thug Deontas Stáit €58.7m i gcomparáid le €65.9m an bhliain roimhe. Léiríonn seo laghdú in airgeadais phoiblí agus is laghdú de €7.2m é ar an mbliain roimhe. Anuas air sin, tá laghdú leanúnach ar an maoiniú ón státchiste atá curtha i leataobh do Altranas, Ciste Nuála Straitéiseach agus Deontas Cineachta. Tá laghdú leanúnach ar an Deontas Stait agus anois tá sé mar 17% den ioncam, i gcomparáid le 19% sa bhliain roimhe. Is dócha go leanfar leis an treocht seo agus maoiniú ón státchiste ag titim fad is atá an Ollscoil ag lorg ioncaim ó fhoinsí éagsúla seachas ón státchiste.

Diól sásaimh ab ea é gur stopadh le maoiniú deontais déabhlóide do mhionoireacha caipitil in 2011/12. Méid de €0.9m atá le cur san áireamh i ndeontas iomlán na bliana 2011/12.

Táillí

Tháinig deisiú ar ioncam na dtáillí i rith na bliana go €116.3m agus seasann sé do 34% den ioncam iomlán. Faoi “thionscnamh táillí in aisce” de chuid an Rialtais, díolann an Stát an chuid is mó de tháillí na mac léinn fochéime lánaimseartha ó thíortha an AE. €51.9m/45% ab ea an deontas in ionad táillí don tréimhse 2011/12 agus fuarthas comhardú ioncam na dtáillí ó tháillí cláraithe, iarchéime, deonacháin mic léinn agus ó ioncam táillí de chuid mac léinn neamh-AE.

Ioncam Taighde

I gcomparáid leis an mbliain roimhe, tháinig méadú de €3.2m/4.2% ar an ioncam taighde go dtí €79.9m. Diol suntais is ea é go mbítear i gcónaí ag lorg maoinithe taighde ó fhoinsí éagsúla. Seasann ioncam taighde an AE ag €10.4m/13% den ioncam taighde iomlán agus fanann an ioncam ó thaighde iomaíoch arna bhronnadh ag tionslaíocht cosúil le bliana eile ag €4.4m/6%. Fós, is é Fondúireacht Eolaíochta Éireann an fhoinsé is mó a thugann ioncam taighde don Ollscoil.

Is ann don toradh sásúil seo ann toisc dhíograis agus dhílseacht líon ard foirne acadúla a thógann an t-ioncam seo isteach agus iad mar phríomhthaighdeoirí. Tuilltear an t-ioncam seo ar bhonn an-iomaíoch anois. Bhí rath nach beag ag COC sna duaiseanna iomaíoch, i rith 2012, ó Chlár Cistiú an Ionaid Taighde d'Fhondúireacht Eolaíochta na hÉireann.

Is cúis díomá é go bhfuil an t-ioncam a fhaightear ó ghníomhaireachtaí maoinithe níos lú ná mar is gnáth ar bhonn idirnáisiúnta agus tá brú ar chúrsaí airgid na hOllscoile dá bharr. Sa bhliain 2011/12, sheas na forchostais taighde ag €9.2m/12.0% den ioncam taighde díreach. Tá tionscadal náisiúnta, Lán-Chostáil Eacnamaíochta (FEC) faoi lánseol chun dul i ngleic leis an easnamh forchostais. Tá sé á chomheagrú ag Cumann Ollscoileanna Éireann (IUA) agus á mhaoiniú ag Timthriall 2 den Chiste Nuálaíochta Straitéiseach (SIF). Tá baint ag na seacht n-ollscoil leis seo, iad ag oibriú lena chéile chun deimhin a dhéanamh de gurb ann do phróiseas iniúchtóireachta éifeachtach chun léargas a thabhairt ar an gcostas réadúil a bhaineann le taighde a óstáil, agus ar deireadh chun an forchostas a fháil ar ais ó ghníomhaireachtaí maoinithe a léiríonn an costas réadúil ar thaighde faoi réir ag caighdeán idirnáisiúnta.

Clár Comhardaithe

Tar éis fheidhmíocht na bliana, tá feabhas tagtha ar chúlchistí ioncaim go €13.2m ó €12.4m sa bhliain roimhe.

De bharr bainisteoireacht níos déine ar an gcistíocht tá feabhsú tagtha ar iarmhéid airgid COC ó rótharraingt i 2008 go iarmhéid sochair €65.3m i Meán Fómhair 2012. Tá an suíomh airgid seo feabhsaithe de bharr tráthúlacht an taighde ar conradh, agus fáltais táillí teagaisc, chomh maith le íslí i líon na bhfeichúinthe.

Tá creidiúnuithe ag €146.3m agus iad €8m níos lú ná leibhéil 2010/11, bíodh a bhuíochas san ag ioncam iarchurtha níos ísle maidir le deontais taighde a fuarthas roimh ré. Tá méadú €3.3m, bliain ar bhliain, tagtha ar na h-iasachtaí fadtéarmacha a sheasann anois ag €50.9m. Tá seo ina scáthan ar an iasachtaíocht bhreise a bhaineann leis an Mardyke Arena agus cuimsítear dliteanais todhchái €29.5m chun sócmhainní a cheannach fé fhaisnéisithe cúntasaíochta an FRS5.

Tháinig feabhas de €9m in aghaidh na bliana ar fhéichiúnaithe, agus an chúis ba mhó leis seo ná an laghdú ar an airgead gan íoc ó fhoinsí an státchiste agus íslú ar féichúinthe a bhaineann le mic léinn.

TUAIRISC ÓN GCISTEOIR OINIGH

Pinsean

Ba sa bhliain 2010 a aistríodh ciste pinsin COC go dtí an Stát, mar a leagadh amach i reachtaíocht an Achta um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha). Ó mhí an Mhárta 2010, is faoi chúram an Stáit an dliteanas pinsin. Mar thoradh air seo, d'aistrigh an Ollscoil sócmhainn pinsin de luach €313m go dtí an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean, rud a léirítear sa ghluaiseacht nach beag ar an tsócmhainn pinsin iarchurtha idir 2009 agus 2010. Aontaíodh nóta faisnéisithe leis an Údarás um Ard-Oideachas ÚAO bunaithe ar anailís ar an ngluaiseacht i gcostais pinsin. Leagtar seo amach i Nóta 31 de Ráiteas Maoinithe an ÚAO agus beidh sé mar ghné rialta de na ráitis seo amach anseo.

Achoimre

Bliain rathúil eile don Ollscoil ab ea 2010/11. Bhí líon na mac léinn Fo- agus Iarchéime ag fás i gcónaí, in ainneoin na ndeacrachtaí maoinithe náisiúnta. Bhí líon na mac léinn Fo- agus Iarchéime ag fás i gcónaí, in ainneoin na ndeacrachtaí maoinithe náisiúnta. Aithníodh go raibh spás ar an ngannchuid in Athbhreithniú agus Tosaíochtaí an Mhaoinithe Chaipitil – Tuairisc Uí Cheallaigh 2004, agus pléadh leis seo arís sa bhliain faoi athbhreithniú go háirithe nuair a forbraíodh Áras TF, agus lean fochuideachtaí COC leis an maoiniú agus chuir siad leis an dul chun cinn airgeadais agus le taithí ghinearálta na mac léinn a chuireann an Ollscoil ar fáil.

In ainneoin na ratha acadúla is taighde áfach, fós bíonn an íslú in ioncam státchiste níos mó ná an borradh in ioncam ó fhoinse eile. Chomh maith leis sin, leanann an cliseadh go náisiúnta chun an Ollscoil a mhaoiniú i gceart le haghaidh cláracha fiacloireachta agus cothabháil riachtanach ag dul i bhfeidhm go diúltach ar inbhuanaitheacht airgeadais na hOllscoile.

Caithfear tabhair faoi na fadhbanna seo chomh maith le múnla cuí maoinithe don earnáil ionas go mbeadh COC in ann tacú le forbairt eacnamaíochta is sóisialta an réigiúin mar aon le forbairt shocharaí na hÉireann.

Dermot O' Mahoney, *Cisteoir Oinigh*
Meitheamh 2013

RÁITEAS I NDÁIL LE FREAGRACHTAÍ AN CHOISTE RIALAITHE

Tá sé dlite ar an gCoiste Rialaithe cloí le hAcht na nOllscol, 1997, agus na cuntais chuí agus ghnácha go léir a choimeád, i bhfoirm atá faofa ag an Údarás um Ard-Oideachas, ar an airgead go léir a fuair agus a chaith sé.

Agus na cuntais á n-ullmhú, tá sé dlite ar an gCoiste Rialaithe:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus ciallmhar;
- léiriú agus míniú a thabhairt ar aon imeacht ó chaighdeán ábhartha chuntasaíochta; agus
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin mura cuí glacadh leis go leanfaidh an Ollscoil léi ag feidhmiú

Tá an Coiste Rialaithe freagrach as leabhair chuntais chuí a choimeád a léiríonn, go réasúnta cruinn, staid airgeadais na hOllscoile ar uair ar bith agus a chuireann ar a cumas deimhin a dhéanamh de go gcloíonn a ráitis airgeadais le hAcht na nOllscol 1997, leis an Ráiteas ar Chleachtas Inmholta Cuntasaíochta in Institiúidí um Ard-Oideachais agus go bhfuil siad ullmaithe faoi réir na gcaighdeán cuntasaíochta a nglactar leo in Éirinn de ghnáth.

Titeann an dualgas ar an gCoiste Rialaithe deimhin a dhéanamh de go bhfeidhmítear gnó na hOllscoile i mbealach atá cuí agus rialta agus cosaint a dhéanamh ar na sócmhainní go léir faoina smacht oibriúcháin agus dá bharr sin na céimeanna réasúnta a thógaint chun calaoidis agus mírialtachtaí eile a sheachaint agus a bhrath.

Sínithe ar son an Choiste Rialaithe:

Dr Michael Murphy
Uachtarán

Dr B. M.E. McMahon
Cathaoirleach an Choiste Rialaithe, COC

Dáta: 23/09/2014

TUAIRISC ÓN INIÚCHÓIR NEAMHSPLEÁCH DO CHOISTE RIALAITHE COLÁISTE NA hOLLSCOILE CORCAIGH

Tá ráitis airgeadais Choláiste na hOllscoile Corcaigh iniúchta againn don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2010, a chuimsíonn Ráiteas i leith Beartais Chuntasáíochta, Cuntas Comhdhlúite Ioncaim agus Caiteachais, Clár Comhardaithe na hOllscoile agus an Clár Comhardaithe Comhdhlúite, Ráiteas Comhdhlúite faoi Shreabhadh Airgid, Ráiteas Comhdhlúite na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitehanta agus na nótaí gaolmhara 1 go 32. Is é creat an tuairisciú airgeadais a bhaineadh úsáid as ina n-ullmhúcháin, ná Dlí na hÉireann agus caighdeáin chuntasáíochta, a d'eisigh an Chomhairle Tuairisciú Airgeadais agus atá curtha i bhfeidhm ag Institiúid na gCúntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cúntasáíochta a bhfuil Glacadh leis in Éirinn).

Déantar an tuairisc seo do bhaill Choiste Rialaithe Choláiste na hOllscoile Corcaigh amháin mar chomhlachas. Thugamar faoinár gcuid oibre iniúchta chun go bhféadfaimis a lua le baill an Choiste Rialaithe na nithe a luaimid leo inár dtuairisc ón reachtaire gan feidhm ar bith eile a bheith i gceist. Don mhéid is féidir atá ceadaithe ag an dlí, ní ghlacaimid le freagracht as aon duine seachas as baill an Choiste Rialaithe dár gcuid oibre iniúchta, don tuairisc seo, nó do na tuairimí atá déanta againn.

Dualgais na hOllscoile, an Choiste Rialaithe agus na nIniúcháirí faoi seach

Tá sé de dhualgas ar an Ollscoil na cúntaisí airgeadais a ullmhú, mar atá leagtha amach go hiomlán i Ráiteas i nDáil le Freagrachtaí an Choiste Rialaithe. Tá an Choiste Rialaithe freagrach as córas rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothú atá éifeachtach. Aithníonn se leis nach féidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh dearbhú iomlán a thabhairt ach go dtugann sé dearbhú réasúnta go gcosnófaí na sócmhainní, go n-údarófaí na hidirbhearta agus go ndéanfaí taidfeadh cuí orthu, agus go ndéanfaí earráidí nó mirialtachtaí eile a chosc nó a bhrath go tráthuil.

Tá sé de dhualgas orainn, mar iniúchóir neamhspleách, iniúchadh a dhéanamh is tuairim a thabhairt ar na ráitis airgeadais i gcomhréir le Dlí na hÉireann agus Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchta (An Ríocht Aontaithe agus Éire). De réir na caighdeáin seo caithimid glacadh le Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúcháirí atá ag an Bórd um Chleachtais Iniúcháireachta.

Déanaimid athbhreithniú ar an ráiteas ar rialú inmheánach mar atá ag teastáil ó Chód Rialaithe d'Ollscoileanna Éireannacha atá déanta i Ráiteas ar Rialú Corparáideach ar leathanaigh 8 agus 9 agus an léiríonn an ráiteas sin go gcomhlíonann an Ollscoil na forálacha cuí den Chód agus go bhfuil sé i gcomhréir leis an eolas a thuigtear dúinn ónár gcuid oibre iniúchta ar na ráitis airgeadais agus tuairiscimíd chomh maith murab amhlaidh. Níl ceangal orainn chun athbhreithniú a dhéanamh ar ráiteas na hOllscoile ar an rialú inmheánach le féachaint an gelúdaíonn sé rioscaí agus rialuithe uile, nó chun ár dtuairim a nochtadh maidir le héifeacht nósanna imeachta rialaithe corparáidigh na hOllscoile nó maidir lena nósanna imeachta rialaithe inmheánaigh.

Scóip iniúchadh na ráitis airgeadais

Agus iniúchadh á dhéanamh, caithtear fianaise a bhailiú faoi na méideanna agus nochtadh atá sna ráitis airgeadais agus caithfidh an fhianaise seo a bheith dóthanach chun dearbhú a thabhairt go bhfuil na ráitis saor ó mhíshonrú ábhartha, déanta de thimpiste nó chalaos. Cuimsíonn sé seo measúnacht ar: oiriúint na ráitis cuntasáíochta do dhálaí na hOllscoile agus ar an tslí ina raibh siad feidhmithe go seasta agus nochtadh go réasúnta; réasúntas na meastachán cuntasáíochta bunúsach déanta ag an Ollscoil; agus mórleiriú na ráiteas airgeadais. Chomh maith leis sin, léimid an eolas airgeadais is neamh-airgeadais go léir sna tuairiscí agus sna Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite COC don bhliain dár gcrích 30 Meán Fómhair 2012 chun neamhréireanna ábharacha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithniú agus chun aon eolas atá mícheart, bunaithe ar, nó neamhréir go ábharach leis an eolas faighte againne le linn an iniúchadh seo, a aithniú freisin. Má thagaimid trasna aon mhíshonrú ábharach nó neamhréireanna, déanaimid na himpleachtaí dár dtuairisc a chíoradh. Léimid an Tuairisc ón gCisteoir agus déanaimid na himpleachtaí dár dtuairisc a chíoradh má thagaimid trasna aon míshonrú laistigh de.

Ar lean ar an gcéad leathanach eile/

TUAIRISC ÓN INIÚCHÓIR NEAMHSPLEÁCH DO CHOISTE RIALAITHE COLÁISTE NA HOLLSCOILE CORCAIGH

Bonn thuairim an iniúchta

Dar linn is féidir a rá mar gheall ar na ráitis airgeadais go dtugann siad léargas firinneach agus cothrom, faoi réir ag Cleachtas Cuntasáíochta Coitinata a bhfuil Glacadh leo anseo in Éirinn, ar staid chúrsaí na hOllscoile agus Ghrúpa na hOllscoile ar 30 Meán Fómhair 2012 agus ar bharrachas na bliana atá thart.

Béim ar Ábhar – Sócmhainní na Scéime Pinsin a Aithint

Agus ár dtuairim á chruthú, agus gan í a mhodhnú, rinneamar an méid seo leanas a mheas: ar leor an t-eolas a nochtadh i Nóta 29 de na ráitis airgeadais maidir le sócmhainn atá ar aon dul le dliteanais phinsin na hOllscoile a aithint. Tá na sócmhainní den Scéim Chríochnaithe aistriútha go dtí an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean faoi Alt 12(6) den Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009 agus tabharfaidh an tOireachtas aire i gcás easnamh ar bith a bhíonn ann mura leor an comhiomlán de ranníocaíochtaí na mball agus na bhfostóirí a íoctar leis an Ollscoil nó a choimeádtar ón Ollscoil chun dualgais na hollscoile a shásaimh d'fhonn na sochair seo a íoc faoi réir ag an scéim. Sásaíonn an Stát dualgais scéim '2005' ar bhonn 'íoctar mar a úsáidtear' tar éis aistriú shócmhainní na scéime go dtí an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean in 2009, agus aithnítear sócmhainn atá cothrom le dliteanas pinsin scéim '2005' sna ráitis airgeadais mar chuid dá sócmhainn ghinearálta an phinsin iarchurtha. Díol suntais atá i gceist leis seo agus measaimid gur cheart é a chur faoi bhur mbráid.

Cúrsaí a chaithimid a thuairisciú

- Tá an t-eolas ar fad faighte againn agus na mínithe is gá, dar linn, do chríochoa ár n-iniúchta.
- Dar linn, choimeád an Ollscoil na leabhair chuntais mar ba chóir.
- Aontaíonn clar comhardaithe na hOllscoile chomh maith lena cuntais ioncaim agus caiteachais leis na leabhair chuntais.
- Dar linn, tá an t-eolas sa Tuairisc ón gCisteoir Oinigh i gcomhréir leis na ráitis airgeadais.

Cúrsaí go gcaithimid a thuairisciú orthu d'eisceacht

Níl aon ní le tuairisciú againn mar gheall ar forálacha an Cód Rialaithe d'Ollscoileanna Éireannacha, a chuireann iachall orainn tuairisciú muna meabhraíonn an ráiteas do rialú inmheánach a theastaíonn ón Chód Rialaithe d'Ollscoileanna Éireannacha leagtha amach insan Ráiteas de Rialachas Corparáideach, comhlíonadh na hOllscoile leis na forálacha ábhartha don Chód agus ná fuil comhsheasamhach leis an eolas a bhfuil fhios againn faoi ón iniúchadh ar na ráitis airgeadais.

Deloitte and Touche
Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe
Corcaigh

Dáta: 1ú Deireadh Fómhair 2014

Ráiteas ar Rialaithe agus Rialú Inmheánach
Coláiste na hOllscoile Corcaigh
Don Bhliain dar críoch Meán Fómhair 2012

Cód Rialaithe d'Ollscoileanna na hÉireann

I 2006, rinne an ÚAO forbairt ar Chód Rialaithe don earnáil a leag amach socruithe dea-chleachtais rialaithe d'Ollscoileanna Éireannacha. Shamhlaigh an Cód idirthréimhse trí bhliain don earnáil a bhogadh ón chleachtas a bhí ann i 2007 go dtí an chumraíocht a bhí molta.

Eisíodh cód rialaithe athcheartaithe d'Ollscoileanna Éireannacha i Mí na Nollag 2012 a thóg an cód cothrom le dáta le malgamú an fhógra rialaithe bliantúil leis an ráiteas maidir le rialú inmheánach, agus a chruthaigh aon Ráiteas Rialaithe is Rialú Inmheánach amháin.

I bhFeabhra i 2007, ghlac an Coiste Rialaithe go foirmiúil leis an gCód Rialaithe d'Ollscoileanna Éireannacha agus chuir tús le cur i bhfeidhm na bpróiseas agus na nósanna imeachta cuí chun comhlíonadh iomlán a chinntiú le linn an tréimhse ó 2007 go 2010.

Colláiste na hOllscoile, Corcaigh – Cód Rialaithe

Ghlac an Coiste Rialaithe COC leis an "Rialú d'Ollscoileanna Éireannacha" athcheartaithe a tháinig amach i 2012, i Mí na Nollag don bhliain sin.

Tá Lámhleabhar de Struchtúr, Cód Cleachtais is Nós Imeachta an Choiste Rialaithe a leagan amach dualgais chomhaltaí an Choiste ar fáil. Rinne Coiste Rialaithe COC Cód Iompair do chomhaltaí an Choiste Rialaithe agus coistí a bhaineann leis a fhaomhadh ar an 28ú Deireadh Fómhair, 2008. Tá an Cód Iompair seo anois mar chuid do Rialachán a riarann Láimhseáil Ghnó an Choiste Rialaithe.

Bheartaigh na Ceardchumainn ar Chód Iompair d'Oibríthe agus rinne an Coiste Rialaithe é a fhaomhadh ag a chruinniú i mí Aibreáin, 2009. Tá polasaithe a riarann láimhseáil na foirne in áit. Tá láimhseáil na foirne riaraithe don chuid is mó ag an gconradh fostaíochta. Caithfidh oibríthe cloígh le réimse polasaithe agus tá sonraí na bpolasaithe seo le fáil i bpaca tionscnaimh a fhaigheann oibríthe nua lena gconradh fostaíochta chomh maith lena bheith mar chuid den seisiún tionscnaimh. Bíonn na polasaithe maidir le Acmhainní Daonna COC le fáil ar suíomh idirlín COC agus tá nasc-idirlín dosna polasaithe seo mar chuid den chonradh fostaíochta a fhaigheann gach comhalta foirne nua.

De réir Achta na n-Ollscoileanna, 1997, is é an Coiste Rialaithe príomhfhóras rialaithe na hOllscoile agus an príomhchoiste cinnteoireachta. Tá sé dhualgas ar an gCoiste Rialaithe treo straitéiseacha na hOllscoile a threorú go sonrach le béim ar mhaoirsiú polasaí, ag coimeád súil ar fheidhmíocht na hOllscoile agus béim ar bheith ag obair leis an Uachtarán agus le banaisteoireacht sheanára chun cuspóirí straitéiseacha na hOllscoile a chur rompu.

Maidir leis an taobh acadúil, tá an Chomhairle Acadúil freagrach as smacht a choimeád ar ghnóthaí na hOllscoile, i., an curaclam, teagasc agus oideachas a bhfuil le fáil san Ollscoil. Bíonn an méid seo i dtuilleamaí ar na srianta airgeadais beartaithe ag an gCoiste Rialaithe, agus freisin bíonn sé ar dtuilleamaí athbhreithniú ag an gCoiste, agus na príonsabail tradaisiúnta de shaoirse acadúil.

Is é an tUachtarán Príomh Ofigeach na hOllscoile agus ceaptha ag an gCoiste Rialaithe. Bíonn an tUachtarán freagrach as bainistíocht agus treorú na gníomhartha acadúla, riaracháin, airgeadais, pearsanra, is ar eile, na hOllscoile.

Tá an tUachtarán agus oifigí eile agus banaisteoirí sheanára na hOllscoile ar Fhoireann Bhanaisteoireacht na hOllscoile. Bíonn dhá ghrúpa mar chuid de struchtúr na Foirne seo (Staitéis agus Oibríocháin).

Tá an Bord Rialúcháin freagrach as córas rialaithe inmheánach na hOllscoile. Cuimsíonn an córas rialaithe inmheánach na rialaithe ábhartha go léir, ina dteannta, na rialaithe airgeadais, oibríochtúil, géilliúntais agus na córais bhainistíocht roisca a thugann tacaíocht chun cuspóirí na hOllscoile a bhaint amach agus freisin a chosnaíonn na cistí poiblí is mar sin de, chomh maith le sócmhainní a mbíonn an Ollscoil freagrach astu.

Admhaíonn Bord Rialúcháin COC a fhreagracht as fhorbairt agus cothabháil chórais éifeachtach de rialaithe inmheánach. Chun an freagracht seo a chur i gcrích go héifeachtach, tá dhá phríomh-bhuanchoistí de chuid an Bhord Rialaithe ann a thugann dearbhú don Bhord i dtaobh rialachas, riosca agus urlámhas. Coimeádann an coiste airgeadais, faoi thoscaireacht i reachtúil ón Choiste Rialaithe, súil ar bhainistíocht airgeadais na hOllscoile. Tugann an Coiste Iniúcháireachta dearbhú don Choiste Rialaithe ar bainistíocht riosca agus éifeachtacht na rialaithe.

Timpeallacht Rialaithe Inmheánach

Cé go bhfuil córas rialaithe inmheánach na hOllscoile fós faoi athbhreithniú leanúnach, tá an tús-phróiseas d'athbhreithniú agus feidhmíthe, de réir an Cód Rialachais, críochnaithe don chuid is mó. Seachas é seo, bíonn an Ollscoil i gcónaí ag déanamh aithbhreithniú agus ag cur chun cinn a timpeallacht rialaithe inmheánach mar is gá dóibh a dhéanamh chun déan cinnte go bhfuil na rioscaí maolaithe go leibhéal inghlactha.

Tá an córas rialaithe inmheánach deartha chun an baol teipe a bhainistiú seachas a chuir as an áireamh chun cuspóirí a bhaint amach nó chun gnóthaí na hOllscoile a thóg faoi i slí ordúil agus dliteanaigh. Sa mhéid sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, seachas iomlána, a thabhairt go bhfuil na sócmhainní cosanta, na idirbhearta údaráithe agus taifeadadh i gceart, agus go bhfuil na earráidí ábharach coiscthe nó go mbraithfí iad go luath.

Cuimsíonn príomh-dúile an chórais rialaithe inmheánach:

- Cúramaí bainisteoireachta a bhfuil sainmhínte go soiléir: leithlisiú cúramaí, údarais tarmlichte foirmiúil agus seiceáil samplach sonrasc agus íocaíochtaí.
- Polasaithe, nósanna imeachtaí agus rialacháin.
- Rialúcháin logáil isteach, próifíle, bainistíochta, agus focail faire le haghaidh cead isteach agus úsáid na chórais airgeadais.
- Próisis pleanála straitéiseacha.
- Córais rialúcháin pleanála, leithdháilte acmhainní agus buiséadach atá monatóirithe trí thuairisciú bainisteoireachta rialta, lena n-áirítear, eisithe tuairisciú míosacháin go coinneálaithe buiséid agus athbhreithniú ag bainisteoireacht sheanóra i rith na bliana.
- Córais eolais chun tuairisciú bainisteoireachta tráthúil a chinntiú.
- Córas bainistíochta riosca a aithníonn agus a tuairiscíonn na príomh-bhaoil agus na gluaiseachtaí bainistíochta a thógtar chun iad a cheartú.
- Greamú go polasaí náisiúnta de réir an ÚAO agus ciorcláin is cumarsáid ón Roinn.

Tá monatóireacht éifeachtacht an chórais rialúcháin inmheánach ag brath ar na próiséis a leanann

- (i) Athbhreithniú leanúnach ag Foireann Bainistíochta na hOllscoile agus soláthar blianchúntais airgeadais ag oifigí seanóra;
- (ii) Tuairisc Bhliantúil an Uachtaráin go dtí an gCoiste Rialaithe;
- (iii) Tuairisc ghnáthaimh an Uachtaráin láithrigh ag gach aon chruinniú an Choiste Rialaithe;
- (iv) Tuairiscí ó chruinnithe an Choiste Airgeadais a bhaineann le ioncam, caiteachas, taighde, taise, féichiúnaithe, dliteanais agus capaiteal a chuirtear ós gcomhair cruinnithe an Choiste Rialaithe;
- (v) Tuairiscí ó chruinnithe an Chomhairle Acadúil a chuirtear ós gcomhair cruinnithe an Choiste Rialaithe;
- (vi) Coiste Bainistíochta Riosca agus monatóireacht an chláir rioscaí;
- (vii) Miontuairiscí an Choiste Bainistíochta Riosca a chur ar aghaidh i ndiaidh gach cruinniú go dtí an gCoiste Iniúcháireachta;
- (viii) An tuairisc rialta go dtí an gCoiste Rialaithe agus tuairisc bliantúil an Choiste Iniúcháireachta go dtí an gCoiste Rialaithe chomh maith leis an obair léirithe ag an bhfeidhmeannas Iniúchta Inmheánach i rith na bliana agus na barúlacha a thagann as athbhreithniú an Choiste ar bhainistíocht riosca agus cóirithe rialachais chorpóraidigh;

- (ix) Litreacha bainistíochta agus tuairiscí ó iniúcháirí eachtracha na hOllscoile agus an t-Ardreachtair agus an t-Ard-Iniúcháir a dhéantar athbhreithniú orthu ag an gCoiste Iniúcháireachta;
- (x) Tuairiscí Dearbhaithe Cáilíochta;
- (xi) Cumarsáid torthaí tuairiscí tréimhsiúla eile.

Leanann an obair ar tuairisciú Calaoise agus Macántachta ar aghaidh chomh maith leis an obair ar fhorbairt chlár Shócmhainne Oidhreachta.

Go háirithe mar gheall ar an gCód Rialachais:

Tuairisciú Airgeadais – Maíonn an Ollscoil go bhfuil gach nós imeachta cuí, le haghaidh léiriú na gcúntais airgeadais bliantúil, ina n-ionad.

Iniúchadh Inmheánach – Tá a Fheidhmeannas Iniúcháireachta Inmheánach féin ina ionad ag COC ó Mhí Márta 2003. Tá an Chairt Iniúcháireachta Inmheánach cothrom le dáta maidir leis an gCód ÚAO agus rinne an Coiste Iniúcháireachta é a cheadú ar an 7ú Samhain 2007. Rinne an Coiste Rialaithe an rud céanna ar an 11ú Nollaig 2007. Déanann an Iniúchadh Inmheánach clár bliantúil d'iniúchtaí bunaithe ar an riosca.

Bainistíocht Riosca – Bíonn sé de dhualgas ar Choiste Iniúcháireachta na hOllscoile, an Coiste Rialaithe a dhearbhu maidir le bainistíocht riosca. Tá Coiste Bainistíochta Riosca ann a tuairiscíonn d'Fhoireann Bainistíochta na hOllscoile agus don Choiste Iniúcháireachta. Tá Clár Riosca Ollscoile ina ionad agus déantar athbhreithniú ar ag 6 chruinniú den Choiste Bainistíochta Riosca gach bliain chomh maith le 2 cheardlann don bhFoireann Bainistíochta Ollscoile. Tá an Coiste Bainistíochta Riosca freagrach as neadú bainistíochta riosca tríd na hOllscoile. Tá Oifigí Bainistíochta Riosca ceaptha ag an Ollscoil chun tacaíocht a thabhairt do phleanáil Bhainistíochta Riosca agus Pleanáil Leanúnachais Ghnó laistigh den Ollscoil.

Soláthar – Dearbhaíonn an Ollscoil go bhfuil na gnáthaimh soláthair ann curtha in iúl don bhfoireann go léir agus, chomh fada agus is eol do COC, bíonn an Ollscoil i gcónaí ag iarraidh a bheith in oiriúint leis na gnáthaimh seo.

Diúscairt Shocmhainne – Bíonn diúscairt shocmhainne na hOllscoile go tríú páirtí agus fostaithe rialaithe ag gnáthaimh Ollscoile atá curtha in iúl don bhfoireann go léir. Chomh fada agus is eol do COC, cloíann an Ollscoil leis na gnáthaimh seo.

Treoirilnte Meastóireacht Caipitil – Dearbhaíonn an Ollscoil, nuair a d'oir, go bhfuil próisis chun éascú le géilliúntas curtha in ionad leis na Treoirilnte don Mheastóireacht agus Bainistíocht Tionscnaimh Caipitil eisithe ag an Roinn Airgeadais i Mí Feabhra 2005.

Luach ar Airgead – Ghlac an Ollscoil, chomh fada agus is eol di, leis na Treoirilnte ar Bhaint-Amach Luach ar Airgead i gCaiteachas Poiblí de réir aithisc an Aire Airgeadais, 20ú Deireadh Fómhair, 2005, agus atá curtha in iúl dosna hOllscoileanna.

Géilliúntas Cánach – Cloíann an Ollscoil, chomh fada agus is eol di, leis na dlíthe cánachais agus tá sí tiomanta a chinntiú go bhfuil gach dliteanais cánach íoctha ar na dátaí ceart.

Oibleagáid Reachtúil – Tá próisis ann ag bainisteoireacht COC chun géilliúntas leis na h-oileagáid reachtúil infheidhmithe don Ollscoil a chur ar a gcumas.

Polasaí an Rialtais maidir le Pá – Cloíann COC le polasaí an rialtais maidir le pá agus le creatlach na n-imeachtaí do luach saothair a shocraíodh leis an ÚAO faoi s.25 den Achta Ollscoile, 1997.

Polasaí Taistil – Tá polasaí taistil, agus na gnáthaimh a ghabhann leo, ina n-ionad ag COC. Tá an polasaí agus na gnáthaimh ar fáil ag an bhfoireann go léir ar suíomh idirlín na hOllscoile. Forbraíodh iad seo ag féachaint ar riachtanais ciorclán taistil na Roinne Airgeadais chomh maith le riachtanais na Coimisinéirí Ioncaim maidir le costais fostaithe.

Cosaint Leanáí – Tá gnáthaimh agus treoirilnte ina n-ionad ag COC maidir le cosaint leanáí. Deineadh na gnáthaimh agus na treoirilnte seo a chomhthathú i bPolasaí Cosanta Leanáí.

Táillí an Choiste Rialaithe – Ní íoctar táillí do chomhaltai an Choiste Rialaithe.

Comhlachtaí Fochuideachta – Baineann Cód Rialachais UCC le comhlachtaí fochuideachta. Léiríonn gach comhlacht fochuideachta ráiteas airgeadais a dhéantar iniúchadh neamhspleách orthu agus atá iniata i Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite COC. Láithrítear na ráitis airgeadais reachtúla iniúchta a bhaineann leis na comhlachtaí fochuideachta, don Choiste Airgeadais agus don Choiste Iniúcháireachta.

Forbairtí Suntasach Airgeadais – Ní raibh aon fhorbairtí suntasach airgeadais a chur isteach ar COC insan bhliain atá tharraing. Cosúil le blianta eile, athnaíonn COC sócmhainn stáite iarchurtha maidir le dliteanais pinsin, a chuimsíonn bliain-dlíteanais €42m. Meabhraíonn an bharúil seo tuairim abhcóide sinsir chomh maith le tuairim iniúcháirí seachtracha agus meabhraíonn sí tuiscianach an Choiste Rialaithe maidir le aistriú pinsin sócmhainne COC agus dliteanais a ghabhann leis – mar atá leagtha amach i mBealaí Airgeadais (Acht II-Shocruithe) 2009 de dhliteanais pinsin todhchaíoch – go dtí an Stát.

Siniú:

Dr Micheál Ó Murchú
Uachtarán

Ba mhian liom a dheimhniú gur fhaomh Coiste Rialaithe Choláiste na hOllscoile Corcaigh an Ráiteas ar Rialú Inmheánach don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2012 ag cruinniú ar an 23 Meán Fómhair 2014.

Dr Bryan M. E. McMahon
Cathaoirleach Choiste Rialaithe COC

RÁITEAS I LEITH BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Seo thíos na beartais chuntasaíochta ar ghlac an Ollscoil leo:

Bonn an ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasáíochta a nglactar leo in Éirinn de ghnáth agus de réir an Ráitis ar Chleachtas Inmholta - Cuntasáíocht in Institiúidí Breis- agus Ard-Oideachais. Is iad na caighdeáin chuntasaíochta a nglactar leo in Éirinn de ghnáth chun ráitis airgeadais a ullmhú a thugann léiriú fíor agus cothrom ar na caighdeáin atá foilsithe ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus eisithe ag Bord na gCaighdeán Cuntasáíochta Airgeadais.

Coinbhinsiún cuntasáíochta

Ullmhaíodh na cuntais faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil, ar tháinig athrú air de bharr na hathluachála ar thalamh agus ar fhoirgnimh áirithe.

Bonn an chomhdhlúthaithe

Cuimsíonn na ráitis airgeadais an Ollscoil agus a foghnóthais chomh maith gnóthais eile a bhfuil leas airgid ag an Ollscoil iontu mar atá léirithe i nóta 12. Tá torthaí na bhfoghnóthas a fuarthas nó a díoladh i rith na tréimhse curtha san áireamh sa chuntas comhdhlúite ioncaim agus caiteachais ón dáta ceannaithe nó go dtí an dáta a díoladh é. Glantar díolacháin agus brábúis idirghrúpa go hiomlán nuair a tharlaíonn comhdhlúthú.

Faoi réir ag FRS2, níor comhdhlúthaíodh gníomhaíochtaí de chuid Aontas na Mac Léinn mar níl smacht ag an Ollscoil ar na gníomhaíochtaí céanna. Fágтар amach leis ráitis airgeadais Fhondúireacht Ollscoile Chorcaí Teoranta agus Chiste Iontaobhais Choláiste na hOllscoile Corcaigh agus an mar níl smacht ag an Ollscoil orthu ach chomh beag.

Aitheantas ar ioncam

Aithnítear deontais athfhillteacha ón Údarás um Ard-Oideachas sa tréimhse ina bhfuil siad infhála.

Féachtar ar dheontais neamh-athfhillteacha ón Údarás um Ard-Oideachas nó ó chomhlachais eile maidir le sócmhainní seasta a ceannaíodh nó a togadh mar dheontais chaipitil iarchurtha agus amúchta faoi réir ag luachlaghdú thar thréimhse na sócmhainní.

Aithnítear táillí i rith na tréimhse ina bhfuil siad infhála.

Cuimsítear ioncam ó dheontais taighde, ó chonarthaí agus ó sheirbhísi eile a cuireadh ar fáil go dtí go bhfuil an conradh nó an tseirbhís sin curtha i gcrích. Is ionann é seo de gnáth le méid an chaiteachais bhaintigh a fuarthas i rith na bliana agus aon ranníocaíochtaí gaolmhara le haghaidh forchostas. Cuirtear an t-ioncam go léir ó éarlaisí gearrthearma leis an gcuntas ioncaim agus caiteachais don tréimhse ina dtuilltear é.

Áirítear leis ioncam ó dhearlaicí agus ó bhronntanais go dtí méid an chaiteachais chuí a tabhaíodh i rith na bliana, mar aon le ranníocaíochtaí gaolmhara d'fhorchostais.

Aistriú airgeadra choigríche

Déantar taifead ar idirbhearta in airgeadraí coigríche ag an ráta malairte ag dátaí na n-idirbheart. Aistrítear sócmhainní agus dlíteanais airgid atá ainmnithe in airgeadraí coigríche go dtí euro ag rátaí dheireadh na bliana nó ag rátaí conartha nuair a bhaineann siad le conarthaí malartáin eachtraigh. Cuirtear na difríochtaí malartáin san áireamh i gcinntiúchán ioncaim agus caiteachais na bliana airgeadais.

Sócmhainní seasta imláimhsithe

(a) Talamh agus Foirgnimh

